# DÁIL ÉIREANN



*Déardaoin, 25 Bealtaine,* 2006
*Thursday, 25th May,* 2006

10.30 a.m.

---

**ORD GNÓ**
**ORDER OF BUSINESS**

**3.** An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
Planning and Development (Strategic Infrastructure) Bill 2006 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).

**19.** Bille na gComhphobal Eorpach (Leasú) 2006 — An Dara Céim (*atógáil*).
European Communities (Amendment) Bill 2006 — Second Stage (*resumed*).

**FÓGRA I dTAOBH GNÓ NUA**
**NOTICE OF NEW BUSINESS**

**30*a*.** An Bille Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 — Ordú don Tuarascáil.
Health (Repayment Scheme) Bill 2006 — Order for Report.

P.T.O.

## I dTOSACH GNÓ PHOIBLÍ
## AT THE COMMENCEMENT OF PUBLIC BUSINESS

*Billí a thionscnamh : Initiation of Bills*

*Tabhairt Isteach:*
*Introduction:*

**11*a*.** Bille na gCúirteanna (Clár Pianbhreitheanna) 2006 — An Chéad Chéim.
Courts (Register of Sentences) Bill 2006 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do bhunú Clár Pianbhreitheanna.

Bill entitled an Act to establish a Register of Sentences.

— *Jim O'Keeffe.*

---

**11*b*.** An Bille um an Dlí Coiriúil (Leasú) 2006 — An Chéad Chéim.
Criminal Law (Amendment) Bill 2006 — First Stage.

Bille dá ngairtear Acht do leasú an dlí choiriúil agus do dhéanamh socrú chun daoine óga a chosaint agus d'aisghairm alt áirithe d'Acht Leasuithe an Dlí Choiriúla 1935.

Bill entitled an Act to amend the criminal law and to make provision for the protection of young persons and to repeal certain sections of the Criminal Law Amendment Act 1935.

— *Jim O'Keeffe.*

---

## ORDUITHE AN LAE
## ORDERS OF THE DAY

**3.** An Bille um Pleanáil agus Forbairt (Bonneagar Straitéiseach) 2006 [*Seanad*] — An Dara Céim (*atógáil*).
Planning and Development (Strategic Infrastructure) Bill 2006 [*Seanad*] — Second Stage (*resumed*).

---

**19.** Bille na gComhphobal Eorpach (Leasú) 2006 — An Dara Céim (*atógáil*).
European Communities (Amendment) Bill 2006 — Second Stage (*resumed*).

---

**30*a*.** An Bille Sláinte (Scéim Aisíoca) 2006 — Ordú don Tuarascáil.
Health (Repayment Scheme) Bill 2006 — Order for Report.

---

## MEMORANDA

*Déardaoin,* 25 *Bealtaine,* 2006
*Thursday, 25th May,* 2006

Cruinniú den Chomhchoiste um Shláinte agus Leanaí i Seomra Coiste 2, TL2000, ar 9.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Health and Children in Committee Room 2, LH2000, at 9.30 a.m.

---

Cruinniú den Chomhchoiste um Dhlí agus Ceart, Comhionannas, Cosaint agus Cearta na mBan i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 9.30 a.m.
Meeting of the Joint Committee on Justice, Equality, Defence and Women's Rights in Committee Room 3, LH2000, at 9.30 a.m.

---

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 1, TL2000, ar 11 a.m.
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 1, LH2000, at 11 a.m.

Cruinniú den Choiste um Chuntais Phoiblí i Seomra Coiste 3, TL2000, ar 3 p.m. (*príobháideach*).
Meeting of the Committee of Public Accounts in Committee Room 3, LH2000, at 3 p.m. (*private*).

## SCRÍBHINNÍ A LEAGADH FAOI BHRÁID NA DÁLA
## DOCUMENTS LAID BEFORE THE DÁIL

*Reachtúil:*

1) An tOrdú um an Acht Inimirce 2004 (Táille Deimhnithe Clárúcháin) 2006 (I.R. Uimh. 253 de 2006).

2) Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le ceanglais Stáit brataí a chomhlíonadh mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2005) 586.

3) Togra le haghaidh Treorach . . ./. . ./CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [. . .] maidir le comhrialacha agus comhchaighdeáin le haghaidh eagraíochtaí iniúchta agus suirbhéireachta loinge agus le haghaidh gníomhaíochtaí iomchuí córas riaracháin muirí (Athmhúnlú) mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2005) 587.

4) Togra le haghaidh Treorach../../CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [. . .] maidir le rialú Stáit poirt (Athmhúnlú) mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2005) 588.

5) Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2002/59/CE lenar bunaíodh Córas Comhphobail Faireacháin agus Faisnéise um Thrácht Árthach mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2005) 589.

6) Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear na prionsabail bhunúsacha lena rialaítear imscrúdú tionóiscí san earnáil iompair mhuirí agus lena leasaítear Treoracha 1999/35/CE agus 2002/59/CE mar aon le nóta faisnéise míniúcháin.
COM (2005) 590.

7) Togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1480/2003 lenar forchuireadh dleacht frithchúitimh chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach a

*Statutory:*

1) Immigration Act 2004 (Registration Certificate Fee) Regulations 2006 (S.I. No. 253 of 2006.

2) Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council on compliance with flag State requirements together with explanatory information note. COM (2005) 586.

3) Proposal for a Directive . . ./. . ./EC of the European Parliament and of the Council of [. . .] on common rules and standards for ship inspection and survey organizations and for the relevant activities of marine administrations (recast) together with explanatory information note. COM (2005) 587.

4) Proposal for a Directive . . ./. . ./EC of the European Parliament and of the Council of [. . .] on port State control (Recast) together with explanatory information note.
COM (2005) 588.

5) Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council amending Directive 2002/59/EC establishing a Community vessel traffic monitoring and information system together with explanatory information note. COM (2005) 589.

6) Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council establishing the fundamental principles governing the investigation of accidents in the maritime transport sector and amending Directives 1999/35/EC and 2002/59/EC together with explanatory information note.
COM (2005) 590.

7) Proposal for a Council Regulation amending Regulation (EC) No. 1480/2003 imposing a definitive countervailing duty and collecting definitely the provisional duty imposed on imports of certain

fhorchuirtear ar allmhairí de mhicrea-chiorcaid leictreonacha áirithe ar a dtugtar CRRD (Cuimhní Randam-Rochtana Dinimiciúla) de bhunadh Phoblacht na Cóiré mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2006) 107.

8) Togra le haghaidh Treorach ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leagtar síos rialacha maidir le cainníochtaí ainmniúla le haghaidh táirgí réamhphacáistithe, lena n-aisghairtear Treoracha 75/106/CEE agus 80/232/CEE ón gComhairle, agus lena leasaítear Treoir 76/211/CEE ón gComhairle mar aon le nóta faisnéise míniúcháin. COM (2006) 171.

9) Gníomhaireacht Forbartha Tionscail na hÉireann. Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais, 2005.

*Neamhreachtúil:*

1) An tOrdú um an Acht Airgeadais 2006 (Tosach Feidhme Alt 18(1)(*a*)) 2006 (I.R. Uimh. 256 de 2006).

*Parlaimint na hEorpa:*

1) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an athshuíomh i gcomhthéacs na forbartha réigiúnda (2004/2254 (INI)).

2) Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Rialacháin ón gComhairle a bhaineann leis an gComhaontú Comhpháirtíochta idir an Comhphobal Eorpach agus Stáit Chónaidhme na Micrinéise a thabhairt i gcrích maidir le hiascaireacht i Stáit Chónaidhme na Micrinéise. (COM (2005) 0502 — C6-0353/2005 — 2005/0206(CNS)).

3) Moladh ó Pharlaimint na hEorpa chuig an gComhairle maidir le measúnú ar an mBarántas Gabhála Eorpach (2005/2175 (INI)).

4) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le toradh na gcaibidlí ar an gComhairle um Chearta an Duine agus ar an 62ú seisiún de Choimisiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine.

5) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le páipéar straitéise méadaithe 2005 ón gCoimisiúin (2005/2206(INI)).

6) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le cosaint shóisialta agus le huilechuimsitheacht shóisialta (2005/2097(INI)).

electronic microcircuits known as DRAMs (Dynamic Random Access Memories) originating in the Republic of Korea together with explanatory information note. COM (2006) 107.

8) Proposal for a Directive of the European Parliament and of the Council laying down rules on nominal quantities for pre-packed products, repealing Council Directives 75/106/EEC and 80/232/EEC, and amending Council Directive 76/211/EEC together with explanatory information note. COM (2006) 171.

9) Industrial Development Agency (Ireland). Annual Report and Accounts, 2005.

*Non-Statutory:*

1) Finance Act 2006 (Commencement of Section 18(1)(*a*)) Order 2006 (S.I. No. 256 of 2006).

*European Parliament:*

1) European Parliament resolution on relocation in the context of regional development (2004/2254(INI)).

2) European Parliament legislative resolution on the proposal for a Council Regulation concerning the conclusion of the Partnership Agreement between the European Community and the Federated States of Micronesia on fishing in the Federated States of Micronesia (COM (2005)0502 — C6-0353/2005 — 2005/0206(CNS)).

3) European Parliament recommendation to the Council on the evaluation of the European Arrest Warrant (2005/2175 (INI)).

4) European Parliament resolution on the outcome of the negotiations on the Human Rights Council and on the 62nd session of the UNCHR.

5) European Parliament resolution on the Commission's 2005 enlargement strategy paper (2005/2206(INI)).

6) European Parliament resolution on social protection and social inclusion (2005/2097(INI)).

7) Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle ar chríochnú an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus an Úcráin maidir le gnéithe áirithe d'aersheirbhísí (COM(2005)0368 — C6-0431/2005 — 2005/0155(CNS)).

8) Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le críochnú an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge lena leathnaítear chun na Danmhairge forálacha Rialachán (CE) Uimh. 44/2001 ón gComhairle maidir le dlínse agus maidir le haithint agus forghníomhú breithiúnas in ábhair shibhialta agus thráchtála (COM(2005)0145 — C6-0305/2005 — 2005/0055(CNS)).

9) Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le críochnú Prótacail a ghabhann leis an gComhaontú Eora-Mheánmhara idir na Comhphobail Eorpacha agus a mBallstáit, de pháirt, agus Stát Iosrael, den pháirt eile, d'fhonn aontachas Phoblacht na Seice, Phoblacht na hEastóine, Phoblacht na Cipire, Phoblacht na Laitvia, Phoblacht na Liotuáine, Phoblacht na hUngáire, Phoblacht Mhálta, Phoblacht na Polainne, Phoblacht na Slóivéine agus Phoblacht na Slóvaice leis an Aontas Eorpach a chur i gcuntas (6060/2006 — COM(2004)0754 — C6-0077/2006 — 2004/0266(AVC)).

10) Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa maidir leis an togra le haghaidh Cinnidh ón gComhairle a bhaineann le críochnú an Chomhaontaithe idir an Comhphobal Eorpach agus Ríocht na Danmhairge lena leathnaítear chuig an Danmhairg forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1348/2000 ón gComhairle maidir le doiciméid bhreithiúnacha agus sheachbhreithiúnacha i gcúrsaí sibhialta nó tráchtála a sheirbheáil sna Ballstáit (COM(2005)0146 — C6-0306/2005 — 2005/0056(CNS)).

11) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le soláthar fuinnimh a áirithiú san Aontas Eorpach.

12) Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le dúshláin dhéimeagrafacha agus dlúthpháirtíocht idir na glúine (2005/2147 (INI)).

7) European Parliament legislative resolution on the proposal for a Council Decision on the conclusion of the Agreement between the European Community and Ukraine on certain aspects of air services (COM(2005)0368 — C6-0431/2005 — 2005/0155(CNS)).

8) European Parliament legislative resolution on the proposal for a Council Decision concerning the conclusion of the Agreement between the European Community and the Kingdom of Denmark extending to Denmark the provisions of Council Regulation (EC) No. 44/2001 on jurisdiction and the recognition and enforcement of judgments in civil and commercial matters (COM(2005)0145 — C6-0305/2005 — 2005/0055(CNS)).

9) European Parliament legislative resolution on the proposal for a Council Decision concerning the conclusion of a Protocol to the Euro-Mediterranean Agreement between the European Communities and their Member States, of the one part, and the State of Israel, of the other part, to take account of the accession of the Czech Republic, the Republic of Estonia, the Republic of Cyprus, the Republic of Latvia, the Republic of Lithuania, the Republic of Hungary, the Republic of Malta, the Republic of Poland, the Republic of Slovenia and the Slovak Republic to the European Union (6060/2006 — COM(2004)0754 — C6-0077/2006 — 2004/0266(AVC)).

10) European Parliament legislative resolution on the proposal for a Council Decision concerning the conclusion of the Agreement between the European Community and the Kingdom of Denmark extending to Denmark the provisions of Council Regulation (EC) No. 1348/2000 on the service in the Member States of judicial and extrajudicial documents in civil or commercial matters (COM(2005)0146 — C6-0306/2005 — 2005/0056(CNS)).

11) European Parliament resolution on security of energy supply in the European Union.

12) European Parliament resolution on demographic challenges and solidarity between the generations (2005/2147(INI)).

Wt. 16979. 554. 5/06. Cahill. (X49462). Gr. 30-15.